—1999—

# Traidisiúin

Liam Mac Cóil

(Cathaoirleach: Breandán Ó Conaire)

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Roinn na Nua-Ghaeilge anseo, leis an Ollamh Seosamh Watson agus leis an bhFoireann, as cuireadh a thabhairt dom Léacht Uí Chadhain na bliana seo a thabhairt. Is mór an onóir é ag scríbhneoir bocht mar mise; agus is aitheantas é ó chuid nach beag de phobal na Gaeilge, an pobal léannta go háirithe, don saothar beag atá curtha díom agam. Is álainn an ní é, freisin, a bheith ag teacht amach as tréimhse fhada tinnis, agus a bheith in ann labhairt mar seo i láthair seanchairde agus cairde nua, agus in éineacht le cuid de na daoine is ansa liom sa saol. Tá mé buíoch den Choláiste as an deis sin a thabhairt dom. Bíodh sé tuillte agam nó ná bíodh, is mór agam an t-aitheantas.

## Seoladh isteach

Botún mór ab ea é, botún a raibh tábhacht mhór ag baint leis ó thaobh na staire de, gur glacadh leis an dearcadh nach raibh i dtraidisiúin ach an draíodar a fágadh tar éis don saol mór bogadh ar aghaidh. Edward Shils a dúirt é sin san aon leabhar atá feicthe fós agam atá tugtha suas go huile is go hiomlán do chúrsaí traidisiún. Leabhar Béarla é, *Tradition* an t-ainm atá air agus foilsíodh é sa bhliain 1981.[1]

1 *Tradition* (Chicago: Chicago University Press, 1981). An fonóta seo agus na fonótaí eile síos curtha leis an téacs seo ag an scríbhneoir seo sna blianta 2018 agus 2020. Tá faighte amach agam ó shin go raibh go leor le rá ag Michael Polányi faoi thraidisiún. Féach mar shampla *Personal Knowledge: Towards a Post-Critical Philosophy* (Londain agus Henly: Routledge & Kegan Paul, 1958; athchló 1978), 53–4 agus an t-innéacs *sv* 'tradition'. Maidir le Shils agus Polanyi féach mar shampla Richard W. Moodey 'Tradition: Why Shils and Polanyi Abandoned the Action Frame of Reference' in *Tradition & Discovery: The Polanyi Society Periodical* iml.

Ach tá an dearcadh a cháineann Shils ansin, dearcadh atá mícheart agus mearthallach, fós i réim, faraor. Sa lá atá inniu ann, arsa na socheolaithe Ulrich Beck, Anthony Giddens, agus Scott Lash, iarrtar ar thraidisiúin iad féin a chosaint; cuirtear dianscrúdú orthu go tráthrialta.[2] Ní traidisiún, a deir siad, go caomhnóirí an traidisiúin. Más muide caomhnóirí na dtraidisiún seo againn féin, an bhfuil a fhios againn cé na traidisiúin iad? Cén fáth a bhfuilimid á gcaomhnú? Céard le haghaidh? Cén chaoi? An bhfuilimid ag baint taitnimh as an obair? nó sásamh, fiú amháin? An gceapaimid go n-éireoidh linn?

Nuair a iarradh orm an léacht seo a thabhairt i dtús báire, ní raibh tuairim dá laghad agam céard faoi a labhróinn. Rinne mé mo mhachnamh air ach mar a tharlaíonn i gcás mo chuidse scríbhneoireachta, go minic, ní de bharr aon domhainmhachnaimh nó réamhphleanála a tháinig an t-ábhar chugam ach is amhlaidh a shnámh sé aníos chugam as áit éigin, geall leis gan fhios dom féin. Dála go leor rudaí substaintiúla eile i mo shaol tháinig sé aniar aduaidh orm. Bhí mé ag cur spéise i gcúrsaí 'traidisiúin' nó sa 'traidisiún' le tamall maith de bhlianta agus dúirt glór beag éigin istigh ionam go ndéanfadh sé ábhar breá léachta. Gan a thuilleadh machnaimh—mo léan—dúirt mé leis an Ollamh Seosamh Watson go labhróinn faoi thraidisiúin, san uimhir iolra. D'aontaigh sé liom gur ábhar breá léachta é. Go bhfóire Dia orm. Ní raibh an cinneadh ach tógtha nuair a thuig mé go raibh dearmad mór déanta agam. A leithéid d'ábhar ollmhór. Cuimsíonn sé an saol uiliog. Tá traidisiúin chuile áit. Níl rud ar bith nach bhfuil i gceist san ábhar: ó na creidimh agus na reiligiúin is mó agus is sine ar domhan anuas go dtí an láimh ar a gcaitheann tú d'uaireadóir. Tá na healaíona uiliog i gceist leis agus na heolaíochtaí; prós agus filíocht, an teanga labhartha agus an teanga scríofa. Chuile smaoineamh a tháinig riamh as cloigeann an duine, tá baint aige le traidisiún éigin.

Ní hamháin gur ghlac mé scanradh roimh ollmhéid an ábhair, ach chonaic mé sách sciobtha nach raibh na cáilíochtaí agam le tabhairt faoi. Is ábhar socheolaíochta atá ann—ní socheolaí mé. Is ábhar antraipeolaíochta atá ann—ní antraipeolaí mé. Tá dlúthbhaint aige leis an stair—ach ní staraí mé—bíodh is gur scríobh mé leabhar beag ar an stair áitiúil tráth dá raibh.[3] Is ábhar fealsúnta é—bhuel, bhí sé sin beagáinín níos fearr; is maith le chuile dhuine againn a cheapadh gur fealsamh ar bhealach éigin é. Agus tá cáilíocht bheag éigin agamsa sa réimse sin—mar tig liomsa a mhaíomh gur as saol *Philosophical Studies* a fáisceadh mise.[4] Ní as an

XXXIX, 3 (2012–2013), 5–28. http://polanyisociety.org/TAD%20WEB%20ARCHIVE/TAD39-3/TAD39-3-fnl-pg5-28-pdf.pdf [27/10/2020].

2 Ulrich Beck, Anthony Giddens, & Scott Lash *Reflexive Modernization. Politics, Tradition and Aesthetics in the Modern Social Order*. (Cambridge: Polity Press, 1994).

3 *The Book of Blackrock* 2ú heag. (An Charraig Dhubh: Carraig Books, 1981).

4 *Philosophical Studies* James D. Bastable eag., iml. I–II (Maigh Nuad: The Philosophy Society, St. Patrick's College. 1951–52); iml. III–XVII (Maigh Nuad: St. Patrick's College, 1953–68); iml.